## B1 Topaic 1

## 06 Clann Lir

## Labhairt

3

## 06 Clann Lir

**Le múineadh:**

- Ag tagairt do rudaí faoi leith a bhaineann leis an teaghlach.

4

## Clann Lir



5

## Clann Lir

- An bhfuil aon chur amach agat ar an scéal béaloidis ***Clann Lir***?
- Déan plé ar an scéal leis an duine in aice leat ag úsáid na bhfocal thíos le cuidiú libh.

6

## Clann Lir

**Na Carachtair**

- Tuatha Dé Danann
- Lir
- Aoibhe
- Aoife

**Gluais**

- ealaí - swans
- tinneas clainne – child labour /labor pains
- fás aníos – growing up
- éadmhar – jealous

7

## Clann Lir

- Seo achoimre ar an scéal.
- Tá bearnaí agatsa san alt agus tá an t-eolas a théann sna bearnaí sin ag duine B nó ar leathanach B.
- Léigí an t-alt le chéile – léifidh duine A an chéad alt agus duine B an dara halt leis na bearnaí a líonadh.
- Cuir an físeán ar ceal nuair atá sé á dhéanamh agaibh.

8

©GaeilgegoDeo2026

## Clann Lir

- Muna bhfuil páirtí agat, éist liomsa agus an scéal á léamh agam agus líon na bearnaí isteach ar an dá leathanach.

9

## Clann Lir - A

Fadó in Éirinn bhíodh clann i réim sa tír darb ainm Tuatha Dé Danann. Ba é Lir dia na farraige agus bhí sé pósta ar bhean darb ainm Aoibh. Rugadh ceathrar leanaí áille ar an bheirt. Bhí an bheirt is sine, Fionnuala agus Aodh, ag snámh i loch beag nuair a fuair siad scéala go raibh a n-athair á n-iarraidh agus drochscéal aige. Fuair a máthair bás le linn tinneas clainne ach rugadh cúpla, Fiachra agus Conn, di. Dúirt Lir leis na páistí is sine go raibh orthu aire a thabhairt do na deartháireacha is óige.

10

## Clann Lir - B

Phós Lir deirfiúr Aoibhe go luath ina dhiaidh sin. Aoife an t-ainm a bhí uirthi. Shíl sé go raibh sé tábhachtach máthair a bheith ag na páistí agus iad ag fás aníos. Bhí Aoife den tuairim áfach, go raibh níos mó grá ag Lir dá chuid páistí ná di féin agus d'éirigh sí an-éadmhar. Tar éis cúpla bliain bhain Aoife úsáid as clóca Lir agus mar sin a chuid draíochta, leis na páistí a iompú isteach sna healaí is áille agus is galánta in Éirinn. Dúirt sí leis na páistí go mbeadh siad ina n-ealaí ar feadh naoi gcéad bliain.

11

## Clann Lir - A

- Fadó in Éirinn bhíodh clann i réim sa tír darb ainm Tuatha Dé Danann.
- Ba é Lir dia na farraige agus bhí sé pósta ar bhean darb ainm Aoibh.
- Rugadh ceathrar leanaí áille ar an bheirt.

12

## Clann Lir - A

- Bhí an bheirt is sine, Fionnuala agus Aodh, ag snámh i loch beag nuair a fuair siad scéala go raibh a n-athair á n-iarraidh agus drochscéal aige.
- Fuair a máthair bás le linn tinneas clainne ach rugadh cúpla, Fiachra agus Conn, di.
- Dúirt Lir leis na páistí is sine go raibh orthu aire a thabhairt do na deartháireacha is óige.

13

## Clann Lir - B

- Phós Lir deirfiúr Aoibhe go luath ina dhiaidh sin. Aoife an t-ainm a bhí uirthi.
- Shíl sé go raibh sé tábhachtach máthair a bheith ag na páistí agus iad ag fás aníos.
- Bhí Aoife den tuairim áfach, go raibh níos mó grá ag Lir dá chuid páistí ná di féin agus d'éirigh sí an-éadmhar.

14

## Clann Lir - B

- Tar éis cúpla bliain bhain Aoife úsáid as clóca Lir agus mar sin a chuid draíochta, leis na páistí a iompú isteach sna healaí is áille agus is galánta in Éirinn.
- Dúirt sí leis na páistí go mbeadh siad ina n-ealaí ar feadh naoi gcéad bliain.

15

## Clann Lir - A - Freagraí

Fadó in Éirinn bhíodh __clann__ i réim sa tír darb ainm Tuatha Dé Danann. Ba é Lir dia na farraige agus bhí sé __pósta ar bhean__ darb ainm Aoibh. Rugadh ceathrar leanaí áille ar an bheirt. Bhí an bheirt is sine, Fionnuala agus Aodh, ag snámh i loch beag nuair a fuair siad scéala go raibh __a n-athair__ á n-iarraidh agus drochscéal aige. Fuair a máthair bás le linn tinneas clainne, ach rugadh cúpla, Fiachra agus Conn, di. Dúirt Lir leis na páistí is sine go raibh orthu aire a thabhairt do na __dearthaireacha is óige.__

16

## Clann Lir – B - Freagraí

Phós Lir __deirfiúr Aoibhe__ go luath ina dhiaidh sin. Aoife an t-ainm a bhí uirthi. Shíl sé go raibh sé tábhachtach __máthair a bheith__ ag na páistí agus iad ag fás aníos. Bhí Aoife den tuairim áfach, go raibh níos mó grá ag Lir dá chuid páistí ná di féin agus d'éirigh sí an-éadmhar. Tar éis __cúpla bliain__ bhain Aoife úsáid as clóca Lir agus mar sin a chuid draíochta leis na páistí a iompú isteach sna healaí __is áille__ agus is galánta in Éirinn. Dúirt sí leis na páistí go mbeadh siad ina n-ealaí ar feadh naoi gcéad bliain.

17

## Clann Lir

- Anois, leigh an scéal amach os ard.

18

## Clann Lir - A

- Fadó in Éirinn bhíodh clann i réim sa tír darb ainm Tuatha Dé Danann.
- Ba é Lir dia na farraige agus bhí sé pósta ar bhean darb ainm Aoibh.
- Rugadh ceathrar leanaí áille ar an bheirt.

19

## Clann Lir - A

- Bhí an bheirt is sine, Fionnuala agus Aodh, ag snámh i loch beag nuair a fuair siad scéala go raibh a n-athair á n-iarraidh agus drochscéal aige.
- Fuair a máthair bás le linn tinneas clainne ach rugadh cúpla, Fiachra agus Conn, di.
- Dúirt Lir leis na páistí is sine go raibh orthu aire a thabhairt do na deartháireacha is óige.

20

©GaeilgegoDeo2026

## Clann Lir - B

- Phós Lir deirfiúr Aoibhe go luath ina dhiaidh sin. Aoife an t-ainm a bhí uirthi.
- Shíl sé go raibh sé tábhachtach máthair a bheith ag na páistí agus iad ag fás aníos.
- Bhí Aoife den tuairim áfach, go raibh níos mó grá ag Lir dá chuid páistí ná di féin agus d'éirigh sí an-éadmhar.

21

## Clann Lir - B

- Tar éis cúpla bliain bhain Aoife úsáid as clóca Lir agus mar sin a chuid draíochta, leis na páistí a iompú isteach sna healaí is áille agus is galánta in Éirinn.
- Dúirt sí leis na páistí go mbeadh siad ina n-ealaí ar feadh naoi gcéad bliain.

22

©GaeilgegoDeo2026